FOIRM IARRATAIS DO PHASANNA CLISTE 60+ AGUS DO PHASANNA CLISTE SINSEARACHA (65+)
Ba chóir an fhoirm seo a léamh in éineacht leis na Nótaí Treorach

Bain úsáid as dúch dubh, le do thoil, as CEANNLITREACHA agus cuir litir nó uimhir amháin sna bocsaí. Comhlánaigh na sonraí seo a leanas go hiomlán, le do thoil.

CÉIM 1: SONRAÍ PEARSANTA (Personal Details)

Teidel (cuir x sa bhosca) Title
An tUas Mr | Bean Mrs | Iníon Miss | Ms Ms | Eile Other

Ainmneacha baiste Forename(s)

Slionne (Surname)

Uimhir Ti (House Number)

Sraid (Street)

Cathair / Baile Mor (Town)

Postchod (Postcode)

Data Breithe: (Date of Birth) L L M M B B B B

Uimhir Árachais Náisiúnta: National Ins No

Cuir isteach uimhir ghutháin sa lá má tá a leithéid ann

Uimhir ghutháin: (Tel No)

CÉIM 2: DEARBHÚ (Declaration)

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a tugadh ceart. Tuigim go seiceálfar na sonraí a tugadh. Má fhaightear amach go bhfuil aon eolas MÍCHEART, gur FÉIDIR GO gCEALÓFAR M'IARRATAS agus gur féidir go dtarraingeofar siar aon phas a eisíodh ar bhonn eolais mhíchirt. Is féidir go mbeadh ionchúiseamh ann mar gheall ar úsáid chalaoiseach agus is féidir go gcaithfinn aon chostais a thabhaíonn a úsáid a íoc. Dearbhaím go bhfuil an Ráiteas ar Chosaint Sonraí léite agam agus go n-aontaím leis na Téarmaí agus na Coinníollacha mar atá leagtha amach sna Nótaí Treorach. Tuigim nach bhfuil aon ticéid a d'fhéadfainn a cheannacht nuair atá mé ag fanacht le mo Phas Cliste in-aisíochta.

Síniú: Signature

L L M M B B B B
Dáta Date

TIONTAIGH

English provided to assist processing

CÉIM 3: LE COMHLÁNÚ AG DO CHOMHSHÍNITHEOIR (Countersignatory)
Caithfidh do chomhshínitheoir a bheith 18 mbliana d'aois nó thairis sin, caithfidh aithne a bheith aige ort le 2 bhliain ar a laghad, caithfidh sé a bheith ina chónaí i dTuaisceart Éireann go buan agus caithfidh sé nach GAOL é.

Teidel (cuir x sa bhosca)	An tUas Mr		Bean Mrs		Iníon Miss		Ms Ms		Eile Other	

Ainmneacha baiste
Forename(s)

Slionne (Surname)

Deimhním go bhfuil aithne agam ar an duine atá ainmnithe ar an fhoirm iarratais seo le 2 bhliain ar a laghad agus go bhfios domh gur ceart an t-eolas a tugadh ar an fhoirm.
Do Sheoladh agus d'Uimhir Ghutháin sa Lá

Uimhir Ghutháin:

BÍ CINNTE, LE DO THOIL, GO SÍNÍONN TÚ CÚL GHRIANGHRAF AN IARRATASÓRA LEIS NA FOCAIL "DEIMHNÍM GUR SEO COSÚLACHT FHÍOR DE [AINM AN IARRATASÓRA]"

Síniú:
Signature

L L M M B B B B
Dáta

CÉIM 4
Tabhair an fhoirm seo, le do thoil, go Busáras nó Stáisiún Iarnróid Translink in éineacht leis an doiciméadúchán riachtanach (féach thíos)

Cruthú Aoise		Cruthú Cónaithe	
Ceadúnas Tiomána; nó (Driving Licence)		Ceadúnas Tiomána; nó (Driving Licence)	
Teastas Breithe; nó (Birth Certificate)		Bille Fóntais le Déanaí; nó (Recent Utility Bill)	
Pas (Passport)		Ráiteas Bainc le Déanaí (Recent Bank statement)	

ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN (For Official Use Only)		Application approved (Y?N)	
Office Depot Location			
Staff Name		State Reason for rejection	
Staff ID No			
Date			

English provided to assist processing

FOIRM IARRATAIS AR PHAS CLISTE 60+ AGUS AR PHAS CLISTE SINSEARACH (65+) DO THAISTEAL IN AISCE

Léigh na nótaí treorach go cúramach, le do thoil, sula gcomhlána tú an fhoirm iarratais.
Ba chóir úsáid a bhaint as an fhoirm iarratais seo le cur isteach ar Phas Cliste 60+ nó ar Phas Cliste Sinsearach (65+).

AN BHFUIL TÚ INCHÁILITHE?

Le bheith i dteideal táillí IN AISCE ar iompar poiblí caithfidh tú a bheith 60 bliain d'aois nó thairis sin agus caithfidh tú a bheith i do chónaí i dTuaisceart Éireann go buan.

AG COMHLÁNÚ D'FHOIRM IARRATAIS

CÉIM 1
Sonraí Pearsanta – Comhlánaigh do shonraí i gCEANNLITREACHA le do thoil. Is féidir go gcuirfear moill le d'iarratas nó go ndiúltófar dó mar gheall ar easnaimh agus ar iontrálacha doléite nó doiléire.

Grianghraf Daite – Caithfidh grianghraif a bheith daite, úrnua agus ar mhéid ghrianghraf pas. Caithfidh sé a bheith comhshínithe ag an duine chéanna a chomhshíníonn d'fhoirm iarratais i gCÉIM 3 leis na focail:
"Deimhním gur seo cosúlacht fhíor de [ainm an iarratasóra]". Greamaigh an grianghraf san áit a thaispeántar.

CÉIM 2
Dearbhú
Sínigh agus cuir dáta ar an chuid seo den fhoirm lena dhearbhú go bhfuil na Téarmaí agus Coinníollacha agus an Ráiteas ar Chosaint Sonraí (féach an chéad leathanach eile) léite agus tuigthe agat. NÍ phróiseálfar iarratais gan an síniú riachtanach.

CÉIM 3
Comhshíniú
Caithfidh tú an fhoirm a fháil sínithe ag duine atá 18 mbliana d'aois ar a laghad, a bhfuil aithne aige ort le 2 bhliain nó níos faide, atá ina chónaí i dTuaisceart Éireann go buan, agus NACH gaol é. NÍ phróiseálfar iarratais nach gcomhlíonann an riachtanas seo. Cuimhnigh go gcaithfidh an duine céanna do ghrianghraf a shíniú.

CÉIM 4
Ag Fáil do Phas Chliste
Caithfidh iarratasóirí ar Phas Cliste 60+ nó ar Phas Cliste Sinsearach (65+) an fhoirm iarratais chomhlánaithe a thabhairt go busáras nó stáisiún traenach Translink **iad féin** ionas gur féidir do shonraí agus do dhoiciméadúchán a sheiceáil. Ní ghlacfar le foirmeacha ó dhuine diomaite den iarratasóir féin.

SEICLIOSTA
Caithfidh tú na nithe seo a leanas a thabhairt leat go busáras nó stáisiún traenach Translink:-

1. **Foirm Iarratais comhlánaithe.**
2. **Grianghraf comhshínithe daite ar nós ghrianghraf pas** greamaithe den áit cheart ar an fhoirm.
3. **Doiciméadúchán tacaíochta:** Cruthú Aoise (Ceadúnas Tiomána, Teastas Breithe nó Pas) **AGUS** Cruthú Cónaitheachta (Ceadúnas Tiomána, Bille Fóntais le Déanaí, Ráiteas Bainc/Chumann Foirgníochta le Déanaí) – gan na doiciméid seo ní bheidh Translink in ann d'iarratas a phróiseáil.

Nuair a bheas d'iarratas ceadaithe ag foireann Translink, cuirfear ar aghaidh go díreach chuig déantóir na bPasanna Cliste é.

Tabhair faoi Deara le do Thoil: Is féidir go nglacfaidh próiseáil pasanna suas le ceithre seachtainí.

Tabhair faoi Deara – Ní féidir le hiarratasóirí cur isteach ar Phas Cliste 60+ níos luaithe ná 6 seachtainí roimh a 60^{ú} lá breithe.

TEAGMHÁLACHA
Má tá cuidiú de dhíth ort le d'fhoirm iarratais a chomhlánú, déan teagmháil le Rannóg Chórais Ticéadaithe Translink:
Teil: (028) 9075 9129
Rphost: smartpass@translink.co.uk

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA
Nuair a shíníonn siad a bhfoirm iarratais, cuireann gach iarratasóir in iúl go bhfuil siad sásta a bheith faoi cheangal ag téarmaí agus coinníollacha Scéim Táillí Lamháltais Thuaisceart Éireann atá leagtha amach thíos.

1. Ní eisítear Pasanna Cliste 60+ agus Pasanna Cliste Sinsearacha (65+) ach amháin le cáilíocht a sholáthar i dtaca le taisteal lamháltais de ar sheirbhísí sceidealaithe a chuireann Translink agus oibreoirí rannpháirteacha eile ar fáil. Caithfear Pas Cliste bailí reatha a chur i láthair ar gach turas le taisteal in aisce a fháil; seachas sin gearrfar an táille iomlán do dhaoine fásta don turas.
2. Tá Pasanna Cliste Sinsearacha (65+) bailí ar sheirbhísí trasteorann bus agus iarnróid AGUS is féidir úsáid a bhaint astu do thurais in aisce ar iompar poiblí a dhéantar go hiomlán taobh istigh de Phoblacht na hÉireann. Níl Pasanna Cliste 60+ bailí ar sheirbhísí trasteorann ná ar thurais taobh istigh de Phoblacht na hÉireann.
3. Tá Pasanna Cliste 60+ agus Pasanna Cliste Sinsearacha (65+) DO-AISTRITHE, agus is mar a gcéanna é ag aon ticéid a eisítear mar gheall orthu.
4. Tá úsáid an Phas Chliste 60+ agus an Phas Chliste Shinsearaigh (65+) faoi réir coinníollacha iomlána iompair an oibreora iompair.
5. Is leis an Roinn Forbartha Réigiúnaí an Pas Cliste i gcónaí agus is féidir é a tharraingt siar am ar bith.
6. I ndiaidh tú dul ar an fheithicil agus do thicéad a iarraidh, ba chóir duit an ticéad a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil sonraí do thurais ceart. Mura bhfuil na sonraí ceart, ba chóir duit sin a chur in iúl don tiománaí/stiúrthóir sa bhomaite.
7. Próiseálfar an t-eolas pearsanta a chuireann tú féin agus aon chomhshínitheoir eile ar fáil ar an fhoirm seo agus coinneoidh Translink é leis an Scéim Táillí Lamháltais a bhainistiú agus a oibriú. Tá an scéim seo faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus féadann sé go mbainfidh siad úsáid as sonraí nach bhfuil sainiúil d'aon duine ar leith, a bhailíonn agus a chuireann Translink ar fáil, le anailís a dhéanamh ar úsáidí reatha na scéime agus le pleanáil d'úsáidí na scéime amach anseo. Féadann an Roinn fosta úsáid a bhaint as sonraí pearsanta a chuireann Translink ar fáil le cásanna ina líomhaintear úsáid chalaoiseach a fhiosrú.
8. Is é freagracht sealbhóirí Pas Chliste 60+ agus Pas Chliste Shinsearaigh (65+) a bPas Cliste a choinneáil i stá maith oibrithe. Má chailltear Pas Cliste nó má dhéantar damáiste dó beidh ar shealbhóir an Phas Chliste íoc as pas ionadach agus **ní** aisíocfar é as aon táillí a íocfar idir an dá linn.

RÁITEAS AR CHOSAINT SONRAÍ

Le ceanglais an Data Protection Act 1998 a chomhlíonadh, táimid ag cur in iúl duit go bpróiseálfar an t-eolas pearsanta a chuireann tú ar fáil ar an fhoirm seo agus go gcoinneoidh an Roinn Forbartha Réigiúnaí (RFR) agus a gníomhairí é, le Scéim Táillí Lamháltais Thuaisceart Éireann a bhainistiú agus a oibriú. Is féidir go seiceálfar na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil le gníomhaireachtaí eile fosta lena chinntiú cé acu atá an t-eolas a chuir tú ar fáil ceart ar fad nó nach bhfuil. Bainfidh RFR úsáid as sonraí neamhphearsanta staitistiúla a bhailítear le anailís a dhéanamh ar úsáid reatha na Scéime Táillí Lamháltais agus le pleanáil dá húsáid amach anseo. Fiosróidh RFR gach cás úsáide calaoisí a líomhaintear, agus is féidir go mbainfear úsáid as an eolas atá curtha ar fáil agat agus na cásanna seo á bhfiosrú. Mura gceadaítear na nithe seo, **NÍ** phróiseálfar d'iarratas.